Beidh na róil agus na freagrachtaí a bhaineann leis an bpost seo bunaithe ar na ceithre réimse atá leagtha amach i gciorclán 0070/2018.

Réimse 1: Ceannasaíocht Múinteoireachta agus Foghlama

- Tacú leis an bPríomhoide maidir le Pleanáil Scoile Uile agus tabhairt faoi athbhreithniú rialta a dhéanamh ar pholasaithe a bhaineann leis an gcuraclam agus eagrúchán scoile.
- Treoir a chur ar fáil maidir le doiciméadú agus pleanáil laistigh de mhúnla an oideachais speisialta ach go háirithe an Polasaí Oideachas Speisialta.
- Comhordú agus maoirseacht a dhéanamh ar an gclár Teiripe Spraoi atá ar siúl sa scoil.
- Comhordú agus maoirseacht ar na spriocanna agus an próiseas i leith féin mheastóireacht scoile.
- Maoirseacht a dhéanamh ar theagmháil agus ar nósanna imeachta NQT agus PST.
- Straitéisí smachta dearfacha agus cleachtaí ceartaitheacha a chur chun cinn.
- Maoirseacht a dhéanamh ar dul chun cinn na Gaeilge sa scoil agus stráitéisí cuí a chur i bhfeidhm dá réir.

Réimse 2: Bainistiú na hEagraíochta

- Feidhmiú mar phríomhoide nuair a bhíonn an príomhoide as láthair.
- Maoirseacht chlóis agus lóin a eagrú agus a chomhordú.
- Tacaíocht do mhúinteoirí san oideachas speisialta.
- Tacaíocht CRS a eagrú – cláir ama a eagrú, cruinnithe míosúla a chur ar fáil, forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthair.
- Socrúcháin d'ábhair oidí, a eagrú, a éascú agus maoirseacht a dhéanamh orthu.
- Clár ama don tionól a chruthú.
- Teagmháil fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta a dhéanamh le tuismitheoirí trí chruinnithe agus cumarsáid oscailte.
- Teagmháil a dhéanamh le hionadaithe maidir lena ndualgais agus le nósanna imeachta na scoile.
- Plé le haon deacrachtaí iompair de réir mar a thagann siad i gceist.

- Bualadh le múinteoirí go foirmeálta agus go neamhfhoirmeálta le páistí agus le huasdátú a phlé.

Réimse 3: Ceannasaíocht ar Fhorbairt Scoile

- Éiteas agus reiligiún na scoile a chaomhnú.
- Athruithe a chur in iúl don fhoireann trí chruinnithe foirne, Skype agus ríomhphost.
- Tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí nua-cháilithe agus foirne PST sa phróiseas Droichead.
- Comhaid agus cláir scoile a fhorbairt chun straitéisí oideachasúla ábhartha, tionscnaimh agus forbairt shóisialta agus mothúchánach a chur chun cinn sa scoil.

Réimse 4: Forbairt Chumais Cheannaireachta

- Meantóireacht a dhéanamh ar bhaill foirne uile na scoile á spreagadh chun ceannaireacht a ghlacadh agus a fhorbairt.
- Naisc a chruthú agus a fhorbairt le ceannairí scoile eile agus le gníomhaireachtaí seachtracha chun cur le forbairt gairmiúla na foirne.
- Athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar do ról mar leas-príomhoide agus freastal ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach a bhaineann le do ról.